Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Nollaig 2023
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0447(COD)**

**16406/23**
**ADD 1**

**VETER 111**
**AGRI 793**
**AGRILEG 339**
**CODEC 2410**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 7 Nollaig 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 769 final ANNEXES 1 to 3 |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis an Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le leas madraí agus cat agus a n-inrianaitheacht |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 769 final ANNEXES 1 to 3.

Faoi iamh: COM(2023) 769 final ANNEXES 1 to 3

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 7.12.2023
COM(2023) 769 final

ANNEXES 1 to 3

# IARSCRÍBHINNÍ

**a ghabhann leis an Togra le haghaidh**

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le leas madraí agus cat agus a n-inrianaitheacht**

## IARSCRÍBHINN I

## Ceanglais atá infheidhme maidir le bunaíochtaí

(de bhun Airteagal 11 go hAirteagal 15)

### 1. Beathú

1.1. Cuirfidh an t oibreoir na minicíochtaí beathaithe a leanas chun feidhme:

(a) beathófar cait agus madraí fásta dhá uair sa lá;

(b) beidh rochtain ad libitum ag madraí baineann agus ag cait bhaineann atá torrach ar bheatha;(c) beathófar coileáin faoi bhun 8 seachtaine d'aois 5 huaire sa lá ar a laghad;

(d) beathófar piscíní faoi bhun 12 sheachtain d'aois 4 huaire sa lá ar a laghad.

1.2. Beathófar gach coileán nó piscín nuabheirthe le gruth buí óna madra baineann nó óna gcat baineann le linn na chéad dá lá dá saol.

1.3. Má tá an madra baineann nó an cat baineann tinn nó mura bhfuil sí in ann a sliocht a bheathú ar shlí eile, soláthróidh an t-oibreoir bainne ó mhadraí baineann agus ó chait bhaineanna eile ag an ngabháltas céanna chomh maith le foirmlí bainne forlíontacha atá saincheaptha le haghaidh coileán agus piscíní leis an minicíocht bheathaithe mar a threoraíonn táirgeoir na foirmle nó tréidlia, go dtí go mbíonnan scoitheadh tagtha chun críche.

1.4. Áiritheoidh an t-oibreoir go bhfuil dóthain bainne á fháil ag gach coileán agus piscín nár baineadh fós den diúl chun meáchan coirp a mhéadú ar bhonn seasta.

1.5. Déanfar scoitheadh le beatha dhaingean a thabhairt isteach de réir a chéile, i bpróiseas nach giorra ná 7 lá agus ní chríochnófar é roimh 6 seachtaine d'aois le haghaidh coileán agus piscíní araon.

### 2. Tithíocht

2.1. Teocht:

Áiritheoidh oibreoirí go gcoimeádfar an teocht laistigh de raon díobh seo a leanas:

(a) 10 go 26°C sna limistéir faoi dhíon ina gcoimeádtar madraí fásta;

(b) 15 go 26°C sna limistéir faoi dhíon ina gcoimeádtar cait fhásta;

(c) 22 go 28°C i limistéir bhreithe don chéad 10 lá de shaol na gcoileán;

(d) 18 go 27°C I limistéir bhreithe piscíní don chéad 21 lá de shaol na bpiscíní.

Déanfar raonta teochta a oiriúnú dá réir sin d'ainmhithe de phór/de chineál gearrchinn agus d'ainmhithe a bhfuil fíorchineálacha cótaí acu (pórtha gan ghruaig nó pórtha le brat trom gruaige orthu).

2.2. Soilsiú

2.2.1. I gcás inarb infheidhme, soláthrófar soilsiú saorga ar feadh tréimhse is comhionann ar a laghad leis an tréimhse solais nádúrtha a bhíonn ar fáil de ghnáth idir 9 a.m. agus 5 p.m.

2.2.2. Beidh solas saorga ina speictream leathan nó ina speictream iomlán.

2.2.3. Beidh an soilseas 50 lux ar a laghad ag airde chinn ainmhí.

2.2.4. Beidh an deis ag ainmhithe fanacht sa dorchadas ar feadh 8 n-uaire an chloig ar a laghad in aghaidh an lae.

2.3. Liúntais spáis

2.3.1 Íosliúntais spáis do mhadraí agus do chait (limistéar iomlán inrochtana, lena n-áirítear spás laistigh agus spás teoranta lasmuigh dá dtagraítear in Airteagal 11(5) i gcás inarb ábhartha):

| **Meáchan beo** | **Achar in aghaidh an ainmhí** | **Le haghaidh gach ainmhí fásta breise nó le haghaidh madraí baineanna agus cait bhaineanna a bhfuil ál acu** | **Íosairde (I gcás ina mbíonn siad faoi dhíon)** |
|---|---|---|---|
| Madraí is lú ná 10kg nó is lú ná sin agus cait | 4 $m^2$ | + 2 $m^2$ | 1.80 m |
| Madraí is mó ná 10 kg agus is lú ná 20 kg | 6 $m^2$ | + 3 $m^2$ | |
| Madraí is mó ná 20 kg agus is lú ná 30 kg | 8 $m^2$ | + 4 $m^2$ | |
| Madraí is mó ná 30 kg | 10 $m^2$ | +5 $m^2$ | |

2.3.2. Ní mór an peann breithe a chur ar fáil agus a dhearadh chun ligean don mhadra baineann bogadh ar shiúl óna coileáin.

2.3.3. Má tá níos mó ná madra nó cat amháin in aon chró amháin, ní mór d'oibreoirí a áirithiú trí bhearta sonracha a dhéanamh (e.g. painéil dheighilte) nach bhfuil na hainmhithe sin ina mbagairt ar a chéile mar gheall ar iompar ionsaitheach.

## 3. Sláinte

3.1. Ní phóraítear cait bhaineanna ach amháin má tá siad 12 mhí  d'aois ar a laghad;

3.2. Ní phóraítear cait bhaineanna ach amháin má tá siad 18 mí d'aois ar a laghad;

3.3. Ceadóidh oibreoirí suas le 3 hál in aghaidh an mhadra bhaininn nó in aghaidh an chait bhaininn laistigh de thréimhse 2 bhliain.

3.4. Tar éis 3 thoircheas as a chéile a raibh ál mar thoradh orthu ag madra nó ag cat baineann laistigh de thréimhse 2 bhliain, áiritheoidh oibreoirí tréimhse téarnaimh trí thoircheas an mhadra bhaininn nó an chait bhaininn a chosc ar feadh tréimhse 1 bhliain ar a laghad.

## 4. Riachtanais iompair

4.1. Áiritheoidh na hoibreoirí an méid seo a leanas:

(a) sa chéad 15 seachtaine d'aois, bíonn deiseanna rialta ag coileáin agus ag piscíní teagmháil shóisialta a dhéanamh lena gcoinspeicigh agus le daoine, agus, más féidir, le hainmhithe eile;

(b) i gcás ina gcuirtear cait agus madraí fásta i gcathanna nó i gconchróite, cuirtear sóisialú le daoine ar fáil, go háirithe trí chuairteanna rialta agus trí theagmháil leis na hainmhithe;

(c) limistéir ina gcoimeádtar cait agus madraí feistithe le struchtúir agus míreanna saibhrithe atá inrochtana do gach ainmhí, a sholáthraíonn timpeallacht spreagúil, agus a laghdaíonn frustrachas ainmhithe;

(d) ní dhéanfar coileáin a scaradh na máithreacha go brách roimh aois 8 seachtaine;

(e) ní dhéanfar piscíní a scaradh óna máithreacha go brách roimh aois 12 sheachtain.

**IARSCRÍBHINN II**

**Sainaithint agus clárú madraí agus cat**

(de bhun Airteagal 17)

Comhlíonfaidh trasfhreagróirí a úsáidtear chun cat agus madraí a mharcáil mar a cheanglaítear in Airteagal 16 na ceanglais seo a leanas:

(a) beidh uimhir aitheantais aonair, neamh-in athchláraithe agus neamh-in-athchláraithe sa mhicrishlis;

(b) sainaithneofar leis an uimhir aitheantais tír thionscnaimh an ainmhí;

(c) beidh struchtúr chód agus coincheap teicniúil na sainaitheanta radaimhinicíochta i gcomhréir le caighdeáin ISO 11784 agus 11785;

(c) déanfar meastóireacht ar chomhlíonadh chaighdeáin ISO 11784 agus 11785 i gcomhréir le caighdeán ISO 24631.

## IARSCRÍBHINN III

**Bailiú sonraí**

(de bhun Airteagal 20)

1. Líon na madraí agus na gcat a gcuirtear micrishlis iontu in aghaidh na bliana mar a thagraítear dó in Airteagal 17;
2. Líon na n-ionad pórúcháin a formheasadh in aghaidh na bliana dá dtagraítear in Airteagal 16.